Gaelscoil na Cruaiche
(*Bunaithe*: 1995. *Príomhoide*: Mairéad Ní Ruáin)
Cathair na Mart, Contae Mhaigheo
Fón: 098 28121 Ríomhphost: cruaiche.ias@eircom.net
Suíomh idirlíne: gaelscoilnacruaiche.com

Cod Iompair

Ráiteas Tosaigh:

Chuir Bord Bainistíochta Ghaelscoil na Cruaiche i gcomhairle le Príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, an cód leasaithe seo le chéile le linn na scoilbhliana 2021-2022.

Réasúnaíocht:

- Bhí gá le athbhreithniú ar iar-pholsaí a bheadh ag dul le teoiric suas chun dáta.
- Chun timpeallacht ordúil le haghaidh na foghlama a chinntiú sa scoil.
- Is ceanglas é faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1) a dhéanann tagairt don cheanglas ar scoileanna cód iompair a ullmhú i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil. In Alt 23 (2) sonraíonn sé go saineoidh an cód iompair:
  - ✓ *Na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil.*
  - ✓ *Na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na caighdeáin sin a urramú.*
  - ✓ *Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann.*
  - ✓ *Na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn agus*
  - ✓ *Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.*

- A chinntiú go bhfuil an cód iompar ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus an dea-chleachtas arna leagan amach sa Chód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte í gcomhair scoileanna, BNLO, 2008.

Gaol le Spiorad Sainiúil na Scoile:

- Maraon le fealsúnacht na scoile táimid ag iarraidh go mbeadh na páistí sona agus sábháilte le linn am spraoi agus am foghlama an lae.
- Sí aidhm an oideachas bunscoile ná a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim feadh saoil le go mbeidh sé ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta

trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí. Táimid ag iarraidh timpeallacht shábháilte foghlamtha a chothú do pháistí na scoile ionas go mbeidh siad in ann a gcumas iomláin féin a shroichint. Mar gheall ar seo ní ghlacfar le iompar nach bhfuil ag dul leis an bhfealsúnacht atá luaite agus a chuireann isteach ar oideachais agus shábháilteacht daoine eile.

- Tá an mana **Mol an Óige agus tiocfaidh sí** mar sprioc le gach a dhéanann pobal na scoile.
- Is Gaelscoil muid. Táimid ag iarraidh ard-chaighdeán líofachta agus litearachta a bhaint amach sa Ghaeilge. Chuige sin ta structúr cinnte leagtha síos maidir leis an gcaighdeán iarrachta atá muid ag súil leis i ngach rang. Muna bhfuil paistí ag comhoibriú le rial na scoile maidir leis an Ghaeilge, tar éis am áirid cuirfear an cód iompair i bhfeidhim. Is cuid den chód iompair polasaí na Gaeilge.

Aidhmeanna:

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht dearfach oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag ár ráiteas físe.
- Forbairt féin-mhuinín agus caidreamh dearfach a chothú i measc na bpáistí.
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha.
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine.
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir páistí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin.
- Meon dearfach a chothú i leith a chéile agus an timpeallacht.
- Sábháilteacht agus deá-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú.
- Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm.
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile.
- Cabhair na dtuismitheoirí a sholáthar chun an cód a chur i bhfeidhm.

Ábhar an Pholasaí:

Tá an polasaí eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. **Treoirlínte faoi iompar sa scoil.**

2. **Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn.**
   - An Fhoireann
   - An Bord Bainistíochta
   - Tuismitheoirí
   - Daltaí

3. **Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú.**
   - An Seomra Ranga
   - An Clós Súgartha
   - Limistéir eile sa Scoil
   - Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil.

4. **Duaiseanna agus smachtbhannaí.**
   - Duaiseanna agus aitheanta tugtha do dheá-iompar.
   - Straitéisí chun freagairt d'iompar mí-chuí
   - Tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompair.
   - Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú.

5. **Fionraí/Díbirt:**
   - Fionraí
   - Díbirt
   - Achomhairc

6. **Cúntas a choimead:**
   - Rang
   - An Clós Súgartha
   - Taifid Scoile
7. **Nós imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil.**
8. **Tagairt do Pholasaithe eile.**

1. <u>Treoirlínte faoi Iompar sa Scoil:</u>
   Luann an tAcht Oideachais (Leas), Alt 23 go sonróidh an Cód Iompair "Na caighdeáin iompar a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil"

   Rialacha Ginearalta Scoile:
   - Táthar ag súil go mbeadh meas ag páistí orthu féin agus ar dhaoine eile.
   - Táthar ag súil leis go léireoidh gach dalta meas ar mhaoin na scoile, maoin leanaí eile, maoin na múinteoirí agus a maoin féin.
   - Táthar ag súil go mbeadh páistí béasach, macánta agus ionraic le pobal na scoile, múinteoirí, páistí, tuismitheoirí agus cuairteoirí.
   - Táthar ag súil leis go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am.
   - Táthar ag súil le deá-iompar ó gach dalta agus go léireoidh gach dalta tuiscint ar leanaí eile agus ar dhaoine fásta.
   - Táthar ag súil go mbeadh páistí cineálta lena gcomhleacaithe agus go mbeadh siad toilteanach cuidiú le daoine eile.
   - Táthar ag súil leis go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile.

- Táthar ag súil go mbeadh páistí in ann bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus comhlint a réiteach.
- Táthar ag súil go mbeadh deá-theanga ar a mbéal acu.
- Táthar ag súil nach mbeidh fón póca a úsáid í dtimpeallacht na scoile nó ag imeachtaí scoile m.sh turas scoile, cluichí & rl. Más gá do pháiste fón póca a bheith acu de bharr cúinsí áirithe caithfear an fón a fhágáil san oifig le linn am scoile agus é a bhailiú tar éis scoile. Ag imeachtaí scoile lasmuigh d'am scoile iarrtar an fón a thabhairt don mhúinteoir atá i gceannas go dtí go bhfuil an imeacht críochnaithe.

Rialacha ar leith i bhfeidhm sna seomraí Ranga:
Tá rialacha ar leith i bhfeidhm sna seomraí ranga. Seo sampla de na rialacha ranga:

- Beidh me béasach, suífidh mé síos, déarfaidh mé gabh mo leithscéal agus go raibh maith agat.
- Beidh meas agam orm fhéin, ar dhaoine eile, agus ar mhaoin.
- Taispéanfaidh mé cineáltas, roinnfidh mé le daoine, tabharfaidh mé cúnamh agus tógfaidh mé seal.
- Éistfidh mé le páistí/múinteoirí nuair atá siad ag caint.
- Cuirfidh mé suas mo lámh nuair atá rud le rá agam leis an rang nó leis an múinteoir.
- Coinneoidh mé m'áit glan, beidh meas agam ar mhaoin agus timpeallacht na scoile.
- Beidh mé sábháilte, siúlfaidh mé taobh istigh den scoil ag gach am.
- Déanfaidh mé mo dhícheall le mo chuid obair scoile agus obair bhaile.
- Labhróidh mé Gaeilge i gcónaí.

Féach ar aguisín 1 i gcóir liosta níos faide de rialacha do na bun, meán agus ard ranganna.
Féach ar aguisín 2 i gcóir samplaí de mhion mhí iompar, de mhí iompar tromchúiseach agus de mhí iompar tútach uafasach.

2. <u>Cur chuige na scoile uile maidir le h-iompar dearfach a chur chun cinn:</u>

❖ Tabharfaidh an Cód Iompair seo treoir mhaith do chur chuige scoile uile maidir le iompar dearfach a chur chun cinn agus maidir le bainistiú iompar diúltach. Tabharfaidh sé tuiscint ar iompar pháistí agus ar stráitéisí dearfacha chun deá-iompar a chur chun cinn.

<u>An Fhoireann:</u>

- Cuirtear béim faoi leith ar atmaisféar/timpeallacht dearfach a chruthú sa rang agus sa scoil a thacóidh agus a chothóidh le deá-iompar m.sh deá-iompar a mholadh agus a chur chun cinn le go mbeadh gach páiste sásta agus sábháilte ina dtimpeallacht scoile
- Deanann an fhoireann cinnte de go dtugann siad deá-shampla i gcónaí, go bhfuileamar mar "Role Models" maithe.
- Tugtar moladh do dheá-iompar trí mheascán de na straitéisí thíos a úsáid:

- **Focal ciúin chun deá-mheas nó do shásamh a chur i n-iúl m.sh Is maith liom an chaoi a dúirt tú/a rinne tú & rl.**
- **Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste.**
- **Cuairt a thabhairt ar mhúinteoirí eile nó ar an bPríomhoide i gcóir moladh.**
- **Focal moladh os comhair grúpa nó rang.**
- **Ag tabhairt freagracht speisialta nó príbhléid m.sh Am Órga**
- **Focal molta le tuismitheoir – scríobhfa nó labhartha**
- **Aitheantas difriúil a fháil m.sh súntas, teastas, cárta Glas (labhairt na Gaeilge)**
- **Ainm an pháiste a chur sa bhosca dearfach agus ainmneacha a phiocadh amach ag an tionóil.**

- Bíonn deiseanna ag an bhfoireann comhaontú ar pholasaithe agus ar chleachtas na scoile agus tacú le cuspóirí an chóid iompair.
- Déanfar athbhreithniú ar na stráitéisí moladh go bliantúil ag cruinniú fóirne, áit a phléifear agus a dhéanfar tobsmaointeoireacht ar na láidreachtaí nó láigeachtaí a bhaineas leo. Beidh deis ag gach múinteoir smaointe a roinnt.
- Bíonn an teagasc éifeachtach, an curaclam cuimsitheach spreagúil, an clár foghlama curtha in oiriúint do na páistí, na páistí rannpháirteach agus inspreagtha chun foghlama.
- Cothaítear scileanna agus nósanna imeachta maidir le bainistiú ranga, modhanna teagasc éifeachtach a chruthaíonn teorainneacha comhréireacha.
- Freastalaíonn an cód iompair ar leanaí le deacrachtaí iompar mar thoradh ar riachtanais speisialta oideachais trí IEPs, Plean Iompair (Behavioural Plans), grúpaí sóisialta, straitéisí soiléir leagtha amach i gcomhairle leis an bhfoireann tacaíochta foghlama/acmhainne, tuismitheoirí, múinteoirí ranga & cúntóir riachtanais speisialta.
- Úsáidtear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair m.sh úsáidtear am ciorcail sa rang. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár bpáistí scileanna cumarsáide, bealaí cuí idirghníomhaíochta agus iompair agus scileanna um réiteach coinbhleachtaí a fhorbairt. Déanann sé iarracht freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le leanaí glacadh le difríochtaí agus saoránacht a fhorbairt.

<u>An Bord Bainistíochta:</u>

Is é ról foriomlán an Bhoird Bainistíochta a chinntiú go bhforbraítear cód iompar sa scoil agus go bhfuil an pobal scoile ar fad páirteach ina fhorbairt, ina cur i bhfeidhm agus ina athbhreithniú. Tá freagracht ar leith ar an mBord as éiteas na scoile, ar a n-áiritear éiteas Gaeilge na scoile a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn chomh maith le freagracht fhoriomláin as polasaithe scoile. Déanann an Bord Bainistíochta taifead foirmiúil ar ghlacadh agus daingniú an chód iompair, chomh maith le dáta tosaithe agus cinntí athbhreithnithe maidir le cén uair a dhéanfar athbhreithniú ar an gcód. Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don fhoireann agus an cód iompair á chur i bhfeidhm trí deiseanna ar fhorbairt fóirne a chur ar fáil, leabhair/acmhainí chun deá-iompair a chothú ar chur ar fáil. Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don fhoireann agus do thuismitheoirí i gcur í bhfeidhm an chód tríd deiseanna atá ag teastáil a chur ar fáil dóibh.

Tuismitheoirí:

Le go gcuirfear an cód i bhfeidhm go héifeachtach agus go tuisceanach, tá géar ghá le comhoibriú iomlán ó na tuismitheoirí. Beidh deá-thoradh an chóid smachta bunaithe ar dheá-chumarsáid, deá-thoil agus dílseacht na dtuismitheoirí don scoil.

- Tá caidrimh an-oscailte idir an fhoireann agus tuismitheoirí ó thaobh gach gné de shaol na scoile. Spreagtar a gcomhoibriú le réimsí éagsúla imeachtaí agus tugtar an deis dóibh bheith rannpháirteach in obair na scoile an oiread agus is féidir.
- Nuair a bhí an polasaí dréachtaithe cuireadh cóip dó ar chlár fógraí na scoile agus suíomh ghréasáin na scoile agus tugadh cuireadh do thuismitheoirí moltaí a dhéanamh bunaithe ar an dréachtpholasaí sin. Tar éis na moltaí sin ar fad ba ag an mBord Bainistíochta a bhí an t-údarás deiridh maidir le glacadh le leasaithe nó diúltú dóibh.
- Sula dtosaíonn páistí ar an scoil bíonn oíche eolais do na tuismitheoirí sa scoil, áit a mínítear rialacha na scoile dóibh.
- I mí Dheireadh Fómhair bíonn oíche eolais ag múinteoirna Naíonán Bheaga le tuismitheoirí na ranga le chéile ina dtéann siad thríd obair na bliana agus ina ndéantar rialacha an seomra ranga a phlé leo.
- Tá siad ar an eolas faoi rialacha, faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leo.
- Freastalaíonn siad ar chruinnithe ag an scoil má éilítear orthu.
- Oibríonn muid go comhoibritheach le Coiste na dTuistí agus éisteann muid lena smaointe.
- Eagraítear oícheanta eolais maidir le gnéithe ar leith den chód iompair chun cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí ó thaobh smacht de m.sh. cyberbullying, sábhailteach idirlíon, bí sábháilte, réiteach coinbhleachtaí.
- Tuistí ar an mBord Bainistíochta - Bíonn ionchur acu i ngach gné de pholasaí na scoile.
- De réir Alt 23 (4) den Acht, cuirfidh an Príomhoide cóip den chód iompair ar fáil do thuismitheoirí leanbh atá a chlárú sa scoil agus féadfaidh an Príomhoide (mar choinníoll a ghabhann leis an leanbh sin a chlárú amhlaidh), a cheangail ar a thuismitheoirí a dhaingniú i scríbhinn go bhfuil an Cód Iompair a chuirtear ar fáil amhlaidh inghlactha acu agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an leanbh an cód sin.

Spreagtar tuismitheoirí chun cúnamh a thabhairt do pháistí meas a bheith acu orthu féin agus ar mhaoin agus:

- Cinntiú go mbíonn páistí ag freastal ar scoil go rialta agus go mbíonn siad in am.
- Go mbeadh suim acu in obair scoile a bpáistí agus go dtabharfadh siad gach tacaíocht agus spreagadh dí, go spreagfadh siad na leanaí a ndícheall a dhéanamh agus a bheith freagrach as a gcuid oibre.
- Go mbeadh siad eolach ar chód iompar na scoile agus tacúil dá cur i bhfeidhm.
- Go dtabharfaidh siad comhoibriú do mhúinteoirí áit a mbíonn iompar a bpáistí ag cothú fadhbanna do dhaoine eile.

- Go gcuirfidh siad i n-iúl don scoil aon fhadhbanna a d'fhéadadh tionchar a bheith aige ar dul chun cinn agus iompar a bpáiste.
- Go leanfaidh siad na céimeanna cuí má bhíonn imní orthu faoi aon ghné de scolaíocht an pháiste m.sh smacht, bulaíocht, cúrsaí foghlama srl. Cosúil le gach gné eile de shaol na scoile, moltar do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá siad imníoch faoi aon ghné d'iompar a bpáistí. Cuirtear na nósanna imeachta maidir le teagmháil a dhéanamh leis an scoil i n-iúl do thuistí ag cruinnithe eolais agus i nuachtlitreacha ag tús na bliana. Moltar dóibh teacht agus labhairt leis na daoine cuí nuair a bhíonn aon amhras orthu.
- Go gcabhródh siad le leanaí an obair bhaile a dhéanamh agus go ndéanfadh siad cinnte go bhfuil sé tugtha chun críche acu.
- Go ndéanfaidh siad cinnte go mbíonn na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag leanaí.
- Go dtabharfaidh siad gach tacaíocht do pholasaí Gaeilge na scoile.

<u>Páistí</u>:

- Rialacha/cód iompair ranga a dhréachtaí leis na páistí.
- Ceardlann a dhéanamh le Rang 5/6 trí mheán ról ghlactha chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód.
- Príomhsmaointí ón gcód iompar a phlé leis na páistí agus deis a thabhairt dóibh a dtuairimí féin a thabhairt go rialta m.sh ag tionóil.
- Eolach ar rialacha ginearalta na scoile, an chlóis agus an rang. Na rialacha a phlé sa bhaile le tuistí.
- Córais Cáirde

3. <u>Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú:</u>

Baintear usáid as straitéisí dearfacha ar fud na scoile chun deá-iompar a chur chun cinn agus chun cosc a chur ar dhrochiompar.

<u>An Seomra Ranga</u>:

Stráiteisí Praicticiúl do Mhúinteoirí chun deá-iompar a spreagadh agus a chur chun cinn sa seomra ranga.

- Bí airdeallach/aireach ar céard atá ar siúl sa rang an t-am ar fad.
- Déan deá-iompar a mholadh agus a dhaingniú m.sh tríd a rá le páistí 'Is maith liom an chaoi a rinne tú é, a dúirt tú, a thaispeáin tú & rl.
- Feasach faoin bhfoclóir a usáidtear ag ceartú páistí.
- Bunrialacha/iompar a mbéifear ag súil leis i ngach rang a théann leis an éiteas scoile agus a chruthaíonn timpeallacht dhearfach don fhoghlaim a bheith ar eolas.
- Ionchur ó dhaltaí agus na rialacha ranga á gcur le chéile. Na rialacha seo a bheith crochta sa rang.

- Déanann múinteoirí cinnte go dtuigeann daltaí an t-iompar a éilítear orthu agus cuirtear é sin i gcuimhne dóibh go minic. Leag amach agus cur in iúl do pháistí go soiléir an caighdeán atá tú ag súil leis ó thaobh iompar, gnáth chúrsaí agus teorainneacha.
- Mínigh an ceangail atá idir iompar pháiste agus an toradh a bhéas leis m.sh smachtbhanna, scoite amach ón grupa. Go dtuigeadh na páistí na h-impleachtaí má tharlaíonn droch iompar agus go bhfuil eolas acu ar smachtbhannaí atá ag dul le droch iompair. Pléann an múinteor tacaíochta Foghlamtha/Acmhainne chomh maith leis an múinteoir ranga, na rialacha le páistí le riachtanais speisialta.
- Usáid stráiteisí chun cuidiú leis na páistí na gnáthchursaí agus teorainneacha seo a choinneáil. m.sh ag usáid cártaí meabhrúcháin le páistí a choinneáil ar tasc, ag usáid clár ama súile.
- Córas soiléir chun aitheantas a thabhairt don deá-iompar agus b'fhéidir duais/príbhléid a thabhairt mar thoradh air. Usáid duaiseanna feiliúnacha mar cairt réalta, am órga breise, teastas seachtainiúl do chineálta srl. Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar dhrochiompar.
- Clár Ama Structurtha – Rannpháirtíocht gníomhach na bpáistí ina gcuid foghlama, meascán de mhodhanna múinte éagsula a usáid m.sh meascáin den modh ranga, obair ghrúpa, obair bheirte agus obair aonarach. Teicnící bainistíochta seomra ranga a dhéanann cinnte go mbaintear úsáid as gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí éagsúla chun suim agus inspreagadh na ndaltaí a chothú.
- Athrú suíocháin/áit suite sa rang.
- Aistriú réidh idir ábhair agus seomra ranga a chinntiú.
- Rialacha ranga a chuir i bhfeidhm ar an toirt, go leanúnach agus go cothrom.

Cothoimid atmaisféar, suíomh ranga atá fáilteach, oscailte, áit a n-airíonn páistí go ndéantar cúram dóibh, go dtugtar aire dóibh agus go dtugann siadsan aire do pháistí eile.

<u>Clós:</u>

- Leagtar síos rialacha soiléire don chlós súgartha a leagann béim ar an deá-iompar agus a dhéanann soiléir cé na gníomhaíochtaí a cheadaítear. Déantar plé ar na rialacha seo ag cruinniú foirne ag tús na bliana agus ag amanta eile i rith na bliana más gá. Cuirtear i n-iúl do phaistí iad trí plé sa rang agus ag an tionóil agus trí meabhrúcháin rialta.
- Cothóidh agus coinneoidh múinteoirí leanúnachas i dtaobh céard atá muid ag súil leis ó na páistí ó thaobh iompar, gnathchúrsaí agus teorainneacha sa chlós agus sna leithris.
- Cuirfear na rialacha i bhfeidhm ar an toirt, go leanúnach agus go cothrom.
- Beidh páistí ag spraoi go réidh ag tógáil san áireamh sábháilteacht gach duine sa chlós. Má cheaptar go bhfuil an spraoi/iompar contúirteach nó gan a bheith feiliúnach, cuirtear an páiste go spás astú féin.
- Bíonn dhá shos ag gach rang, agus tá a gclós féin acu. Bíonn múinteoir ar dhualgas ar gach clós, agus bíonn cúntóirí ranga i gclós na mbunranganna chomh maith.
- Tá gach múinteoir ar an eolas faoi chluichí sa chlós agus spreagtar na páistí chun imirt le chéile agus gan éinne a fhágáil amach.

Laethanta fliuiche:

- Fanann páistí sna seomraí ranga ag imirt cluichí boird, ag súgradh i ngrúpaí nó ag breathnú ar chláracha Gaeilge ar TG4. Caithfear suí i spota amháin agus gan bheith ag gluaiseacht thart.

Clós (ar lean)

- Nuair a bhíonn páistí ag dul go dtí an clós iarrtar orthu siúl i line. Tar éis am spraoi imíonn an cloigín agus stopann gach gluaiseacht. Iarrtar orthu siúl go ciúin go dtí an líne. Déanann múinteoirí feitheoireacht ar pháistí a rang féin ag siúl go dtí agus ón gclós agus spreagtar deá-chleachtas agus nósanna. Bailíonn na múinteoirí a rang féin ón líne.
- Fanann páistí atá tinn ar chathaoir sa phasáiste.
- Fanann páistí ata istigh de bharr smachtbhannaí taobh amuigh d'oifig an Phríomhoide.
- Cuirtear drochiompar i n-iúl don mhúinteoir ranga. Coinníonn an múinteoir ranga cuntas sa Lth ABC ar eachtraí mar iad agus tar éis 6 eachtra breathnaítear ar mar iompair tromchúiseach. Mion eachtraí clóis is féidir am amuigh ag an mballa a thabhairt. (Féach smachtbannaí)

Féach Aguisín 3 do léarscáil den chlóis.

Limistéir eile sa scoil:

- Meabhraíonn na múinteoirí do na páistí faoin tábhacht atá le siúl isteach agus amach ón scoil, go dtí an halla, ar an bpasáiste, ag dul isteach sna leithris & rl.
- Tugtar moladh do na páistí agus na ranganna is fearr ó thaobh rialacha a choinneáil i limistéir eile sa scoil.
- Meabhráitear na rialacha ag ócáidí tionóil. Cuirtear i gcuimhne dóibh iad go rialta, go h-áirithe tús na bliana agus ag tús téarma.
- Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir gach páiste nach bhfuil ag comhlíonadh rialacha na scoile i limistéir eile sa scoil a cheartú.

Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil;

- Baineann na caighdeáin agus na rialacha atá sa chód iompair le mic léinn atá lasmuigh den scoil ach atá fós faoi chúram na scoile m.sh turas scoile, cluichí, gníomhaíochtaí seach-churaclam agus freastal ar imeachtaí a eagraíonn an scoil.

Seachtain Cairdeas:

- Cuirtear béim ar thábhacht an chairdeas agus bíonn an téama ag rith thríd na ceachtanna don tseachtain m.sh OSPS. Bíonn cluichí clóis le cleachtadh le linn corpoideachas, tionóil le taispeántas bunaithe ar an gcairdeas, imeachtaí le seans cairdeas a chleachtadh, obair fóirne srl.

4. Duaiseanna agus Smachtbhannaí:

Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dheá-iompar.

Tugtar moladh do dhea-iompar trí mheascán na straitéisí thíos a úsáid:

- Focal ciúin chun deá-mheas nó do shásamh a chur i n-iúl m.sh is maith liom an chaoi a dúirt tú, a rinne tú & rl.
- Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste.
- Cuairt a thabhairt ar mhúinteoir eile nó ar an bPríomhoide i gcomhair moladh.
- Focal moladh ós comhair grúpaí nó rang.
- Ag tabhairt freagracht speisialta nó pribhléid m.sh Am Orga, cairteanna réaltaí, teastas seachtainiúl do chineáltas.
- Focal molta le tuismitheoir scríofa nó labhartha.
- Aitheantas difriúl a fháil m.sh suntas, teasta, cárta glas (labhairt na Gaeilge)
- Cartaí glasa don Ghaeilge.

Déantar athbhreithniú ar na straitéisí moladh seo go bliantúil ag cruinniú foirne áit a phléfear agus a dhéanfar tobsmaointeoireacht ar na láidreachtaí agus na laigeachtaí a bhaineann leo. Beidh deis ag gach múinteoir smaointí a roinnt.

- Bronntar duaiseanna de thairbhe iarrachta, ní hé amháin don chur i gcrích.
- Beimid cúramach i dtaobh duaiseanna lena chinntiú nach:
  - ❖ bhfuil siad mar sprioc na foghlama.
  - ❖ dtarlaíonn comórtas neamhchuidiúil dá dtairbhe.
  - ❖ gcuítítear na páistí céanna arís agus arís eile.
  - ❖ bhfeictear do na páistí go bhfuil siad dofháighte agus dá thairbhe sin, neamh spreagthach dóibh.

<u>Samplaí de na cineálacha duaiseanna a thugann muid:</u>

- Oíche saor ó obair bhaile, scannán don rang, am bhreise sa chlós, cuairt ar an bpáirc súgradh, am cluiche breise sa rang, am spóirt breise.

<u>Stráitéisí chun freagairt d'iompar míchuí:</u>

Sé'n aidhm atá le smachtbhannaí agus stráitéisí chun freagairt d'iompar míchuí ná chun deá-iompar dearfach a chothú agus droch iompar a sheachaint nó a shéanadh. Cuirfear tús le clárú ar an Lth ABC ag poinnte 1.

1. Labhairt leis an bpáiste agus comhairle a chur orthu.
2. Casaoid a thabhairt agus comhairle a thabhairt dóibh arist.
3. Páiste a bhaint as grúpa taobh istigh den rang (go sealadach).
4. Má theipeann ar chéim 1, 2 & 3 déanfar pribhléidí a bhaint:
   - ❖ Moilliú Lóin
   - ❖ Seasamh ag an mballa ag am lóin
   - ❖ Obair bhaile breise a thabhairt
   - ❖ Obair bhaile deireadh seachtaine a thabhairt
   - ❖ Naíonáin & rl.

Maidir le páistí le riachtanaisí speisialta beidh múinteoirí cúramach go gcuidíonn siad leis an mac léinn aidhm an smachtbanna a thuiscint go soiléir agus an fáth a bhfuil a n-iompar do-ghlactha. Tá na cleachtais scoile agus seomra ranga a thacaíonn le deá-iompar le h-aghaidh gach páiste, lena n-áirítear iad siúd le riachtanais speisialta oideachais.

Le linn Poinnte 1- 4 beidh an múinteoir ag clárú mioneachtraí ar an fhoirm ABC.

5. Cuireann an múinteoir an Príomhoide ar an eolas. An Príomhoide le labhairt leis an bpáiste agus comhairle a chur air/uirthi. Cuireann an múinteoir na tuistí ar an eolas (nóta le síniú/glaoch teileafón).
6. Má leanann na deacrachtaí, tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí teacht chun cás an pháiste a phlé leis an múinteoir ranga ar dtús. Déanfar an scéal a mhíniú dóibh agus míneofar dóibh go bhfuil an scoil ag súil lena gcomhoibriú chun feabhais a chur ar iompar a bpáiste. Déanfar tagairt don chóid iompar agus cuirfear ina luí orthu go dtógfar an scéal céim eile múna b'feabhsofar cúrsaí. Más páiste sna hArdranganna atá i gceist b'fhéidir gur féidir iad a bheith i láthair ag deireadh an chruinniú leis an tuismitheoir (ag braith ar an gcás)
7. Maoirseacht laethúil/seachtainiúil ar an bpáiste.
8. Má léanann na deacrachtaí fós tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí teacht chun an cás a phlé leis an múinteoir agus an Príomhoide. Mínítear dóibh an chéad chéim eile.
9. Má leantar fos leis an mí-iompar cuirfear é seo i n-iúl don Bhord Bainistíochta. Moltar don Bhord Bainistíochta litir chláraithe a chur go dtí na tuismitheoirí ag miniú an scéil doibh agus na himpleachtaí a bhaineann leis.
10. Tabharfar cuireadh arís do na tuismitheoirí teacht isteach go dtí an scoil agus an cheist a phlé leis na páirtithe thuasluaithe. Cuirfear í n-iúl do na tuismitheoirí an chéad chéim eile- **Fionraí 3 lá.**

<u>Tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompar:</u>

Chun deá-iompar a chinntiú eilíonn an scoil tacaíocht agus co-oibriú ó na tuismitheoirí. Siad na tuismitheoirí atá freagrach as iompar a bpáistí nuair a thagann siad ar scoil. Cabhraíonn dearcadh agus dílseacht thuismitheoirí i leith na scoile agus i leith na múinteoirí go mór le hiompar na bpáistí. Déanfaidh an fhoireann a chinntiú gur áit oscailte, fáilteach í an scoil do thuismitheoirí ionas nach mbeadh aon drogall orthu teacht chun cainte le foireann na scoile.

- Tá cumarsáid an-oscailte ag foireann na scoile agus tuismitheoirí na scoile. Má bhíonn cúis imní maidir le iompar páistí, déantar teagmháil le tuismitheoirí. Déantar teagmháil ar aon nós nuair atá 6 eachtra líonta isteach ar an Lth ABC nó nuair a thárlaíonn eachtra tromchúiseach a chláraitear sa bhfillteán smachta.
- Déanann an múinteoir ranga teagmháil leis na tuismitheoirí ar dtús trí ghlaoch teileafón nó nóta.
- Ag brath ar an gcás, b'fhéidir go mbeidh an múinteoir ag iarraidh go dtiocfadh tuismitheoirí ag cruinniú chuig an scoil. Nuair a thagann tuismitheoirí chuig cruinniú ag an scoil déanann an té atá i láthair ón scoil cinnte de go gcuirtear ar a gcompoird iad. Ag

brath ar an gcás agus an pháiste, d'fhéadadh sé tarlú go mbeadh an páiste i láthair do dheireadh an chruinniú.

Pléascadh Feargach sa Rang, sa Chlós, i dtimpeallacht na Scoile nó ag Gníomhaíocht Scoile:

Uaireanta faigheann muid comharthaí leideanna go bhféadadh pléascadh titim amach:
m.sh → comharthaí fisiciúil, siúl go crosta suas/síos, ag pleidhcíocht le fearas, treallamh, ag croitheadh na gcosa, athrú ina n-aghaidh, an chaoi a bhfuil an féachaint súil, cuma an choirp, dath an éadan, tonn an glór, dushlán cáinte, athrú áite sa seomra ranga, ró-ghoilliúnach do chomhairle.

Stráitéisí chun an fonn feirge a laghdú:

- Déan iarracht an páiste a chiúiniú síos agus an fonn feirge a laghdú.
- **Aire a dhíriú ar rud eile** → beidh sé seo níos éifeachtaí le páistí óige, a n-áird a dhíriú ar bhréagán deas nó imeacht atá ag tarlú áit éigin eile chun a n-áird a dhíriú óna gcuid feirge.
- **Athru Foinse Feirge** →
- **Aistriú Áit** → An páiste a thógáil ón suíomh atá ag déanamh buairt dóibh. Páiste a chur ar theachtaireacht nó freagracht a thabhairt dóibh. Má tá an fearg dírithe ar an múinteoir, is fearr am a thabhairt don pháiste gan thú bheith ina láthair.
- **Athrú Gníomh** → Athrú an tasc atá tú ag iarraidh ar an bpáiste páirt a ghlacadh ann.
- **Greann** → é a úsáid go cúramach mar d'fhéadadh siad é a phiocadh suas mar mhasla. Searús a sheachaint. Is féidir le greann a bheith éifeachtach.
- **Cumarsáid** → Tá sé tábhachtach do pháistí go n-éistear leo agus go bhfuil tábhacht lena dtuairimí.
- **Scith a ligeann** → usáid a bhaint as bealaí chun suaimhneas a fháil → teicnicí mar analú. Múintear iad seo ag am atá páistí socair, ní nuair a tharlaíonn eachtra. Is féidir tagairt a dhéanamh dóibh nuair a tharlaíonn eachtra nó nuair a bhraitear go dtarlódh eachtra m.sh análú, peil, rith, ceol.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh clár iompar dearfach i bhfeidhm do pháistí mar iad chun go dtuigeadh siad comharthaí an pléascadh agus roghanna difriúla a thógáil nuair a airíonn siad faoi bhrú nó trína chéile.

Ag éalú ón rang/clós

- Cur teachtaireacht chuig an duine is cóngaraí duit chomh tapaidh agus is féidir.
- Ag brath ar chásanna éagsúla, b'fhéidir nach mbeadh sé ar leas an pháiste rith ina ndiaidh ón gclós. **Beidh sé seo tuigthe ag an bhfoireann i gcásanna réamhaontaithe.**
- I gcásanna eile a thitfidh amach gan coinne dhéanadh an múinteoir/múinteoirí/daoine ata i gceannas ag an am sin gach iarracht an páiste a mhealladh ar ais chuig na scoile.
- Chuirfí fíos ar na tuismitheoirí agus na gardaí ar an bpoinnte.

Céard le déanamh nuair a thárlaíonn Pléascadh:

- Déan meastóireacht tapaidh ar an suíomh.
- Cur teachtaireacht chuig an duine is cóngaraí duit chomh sciapaidh agus is féidir chun cúnamh a fháil.
- Fan ciúin suaimhneach.
- Usáid straitéisí chun an fonn feirge a laghdú má cheapann tú go gcuideoidh siad leis an suíomh.
- Ná bain úsáid as searús nó bagairt ar fhaitíos go gcuireadh siad leis an fearg.
- Má tá baoill sláinte don lucht féachana cur as an mbealach iad.
- Gach tacaíocht a thabhairt don fhoireann & do pháistí a bhíonn páirteach í suíomhanna mar iad.

Nósanna imeachta maidir le teangmháil leis an scoil: Céimeanna atá le leanacht:

Stáid 1:

1. Má bhíonn aon rud ag cur as do thuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh aon ghné de scolaíocht an pháiste ba cheart dóibh dul i dteangbhháil leis an múinteoir ranga chun an cás a phlé. Is féidir leo glaoch fóin a chur ag an scoil agus socrú foirmiúil faoi chruinniú a dhéanamh. Tabharfar le fios í gconaí bunús agus fáth an chruinnithe. Ar an gcaoi céanna, má tá an múinteoir ag iarraidh labhairt le tuismitheoir/caoimhnoirí maidir le aon ghné de scolaíocht aon pháiste, déanfaidh siad coinne leis na tuismitheoirí/caoimhnóirí agus tabharfar le fios don tuismitheoir/caoimhnóir bunús agus fáth an chruinnithe.

2. Má bhaineann an fhadhb le aon ghné eile don scoil, nó muna bhfuil an tuismitheoir sásta tar éis pé fadhb atá acu a phlé leis an múinteoir ranga, is féidir an cheist a phlé leis an bPríomhoide. Fágfar faoi dischréid an Phríomhoide cruinniú a shocrú idir tuismitheoirí agus an múinteoir.

3. Muna bhfuil an tuismitheoir fós sásta, is féidir leo dul i dteangbháil le Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta chun an cás a réiteach. Cuirfidh an scoil an tuismitheoir ar an eolas faoi conas teangmháil a dhéanamh leis an gCathaoirleach a dhéanfas iarracht an fhadhb a réiteach go néamhfhoirmiúil b'fheidir trí chruinniú a eagrú idir na daoine atá i gceist.

Stáid 2:

1. Má tá an tuismitheoir fós mí-shásta is féidir leo a gcás a chur í scribhinn chuig an mBord Bainistíochta. Ní dhéanfaidh an Bord Bainistíochta plé ar aon fhadhb muna bhfuil staid (1) leanta go beacht i dtosach. Caithfear síniú a bheith ar gach comhfhreagras a dhéantar deileáil leis. Tá sé dáiríre nuair a thagann fadhb go dtí an leibhéal seo agus moltar gach iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach sula sroicheann sé an poinnte seo.

2. Tabharfaidh an Cathaoirleach fios don muinteoir maidir le bunús an gearán scríofa agus déanfaidh sé/sí iarracht an fhadhb a réiteach idir na páirithe taobh istigh de 5 lá scoile ón dáta a fháightear an litir.

Stáid 3:

Muna leigheastar an gearaín go neamhfhoirmiúil

(a) Tabharfaidh an Cathaoirleach cóip den litir gearán don mhúinteoir.

(b) Eagróidh an Cathaoirleach cruinniú leis an múinteoir agus má tá sé oiriúnach an Príomhoide le súil go réiteofaí an fhadhb.

Ba cheart cruinniú mar é a ghlaoch taobh istigh de 10 lá scoile ó dháta an litir gearáin.

Stáid 4:

1. Muna bhfuil an gearán fós leigheasta ba cheart don Chathaoirleach tuairisc foirmiúil a dhéanamh don Bhord Bainistiochta taobh istigh de 10 lá scoile ón gcruinniú a luaitear i 3 (b).
2. Ma cheapann an Bord nach bhfuil búnus leis an ngearán cuirfear é seo i n-iúl don múinteoir agus don té atá ag gearán taobh istigh de 3 lá scoile ón gcruinniú Bord.
3. Má cheapann an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán agus go bhfuil gá le tuille fiosrucháin leanfar leis na ceiméanna seo leanas.

   (a) Cuirfear an múinteoir ar an eolas go bhfuil an fiosrúcháin ag bogadh ar aghaidh go dti an chéad chéim eile.
   (b) Tabharfar cóip d'aon comhfhreagras a bhaineann leis an ngearán don múinteoir.
   (c) Iarrfar ar an múinteoir litir a sheoladh chuig an mbord mar fhreagra ar an ngearán.
   (d) Tabharfar deis don múinteoir a cás a chur ós comhair an mBord. Beidh an múinteor í dteideal cara a thabhairt leí/leis ag an gcruinniú mar thacaíocht.
   (e) Is feidir leis an mbord cruinniú a eagrú leis an té a bhfuil gearán a dhéanamh acu má cheaptar go bhfuil gá lena leithid. Bheadh cead ag an té seo cara a thabhairt leo mar thacaíocht.
   (f) Eagrófar na cruinnithe ag (d) agus (e) taobh istigh de 10 lá scoile ón gcruinniú í 3(b).

Stáid 5.

1. Nuair a thagann críoch le fiosrúcháin an Bhord cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird cine an Bhoird í n-iúl í scríbhinn don mhúinteoir agus don té atá ag gearán taobh istigh de 5 lá scoile ó chruinniú an Bhoird.
2. Má tá an duine atá an gearán á dhéanamh acu fós mí-shásta le cine an Bhord Bainistíochta is féidir leo teangbháil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhair comhairle faoi céard is féidir leo a dhéanamh.

Iompar Ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

Ta éagsúlacht agus féiniúlacht ag chuile pháiste. Bíonn tionchair sheachtracha agus inmheánacha ar an ngasúir. É sine ráite tuigeann múinteoirí má tá fadhb áirithe ag gasúr a

chuireann isteach go díreach ar a fhéin smacht agus smacht ranga, ar shábháilteacht páistí agus múinteoirí, cruthaíonn sé seo fadhbanna. Tá a chuid/cuid cearta ag gach páiste agus caithfear timpeallacht sábháilteach agus sláintiúil a chothú do chách an oiread agus is féidir.

- Má tá páiste le fadhbanna dáiríre mothúchánach agus iompar atá ag cur sábháilteacht múinteoirí nó páistí í mbaoill, molfaidh an múinteoir agus an príomhoide do na tuismitheoirí tástáil/meastóireacht shíceolaíochta a dhéanamh ar an bpáiste.
- Molfar dá réir cabhair a lorg ó sheirbhísí tacaíochta áitiúla ar féidir leo cuidiú chun freagairt mar is iomchuí do riachtanais páistí le deacrachtaí iompar & mothúchánach. m.sh eagraithe de chuid Riachtanais Oideachais Speisialta, (SENO), An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, NEPS, seirbhísí cúram poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ballard House, Seirbhísí Síceolaíochta Pobail, An tSeirbhís Náisiúnta Iompar, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta, Seirbhís Treoracha leanaí nó Seirbhísí Meabhairghalair Ógánach a chur san áireamh. Caithfear an cód iompair a leanacht do gach páiste atá cláraithe sa scoil.
- Tugann pearsana Riachtanais Speisialta Oideachais cabhair do mhúinteoirí trí chleachtas agus tacaíocht maidir le bainistíocht an iompair dhúshlánaigh a roinnt.
- Le cabhair ó na múinteoirí/tacaíochta/Acmhainne, cuirtear pleananna iompair aonair do leanaí sonracha le chéile.
- Is féidir le gach baill fóirne, ag obair lena chéile, tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir ranga trí chuidiú leis an múinteoir machnamh agus anailís a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le mí-iompar mic léinn agus trí chuidiú chun bealaí a aimsiú leis an iompar a athrú.
- Tá córas meantóireachta ann do mhúinteoirí nua-cháilithe chun tacú leo sa réimse seo.
- Baintear usáid as cuiditheoirí PDST sna h-ábhar ar fad chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt. Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi chursaí bainteach leis an ábhar san Ionad Oideachais, faoi cursaí ICEP.
- Tá stór leabhra don fhoireann ar fáil chun eolas a thabhairt faoi deacrachtaí iompair agus modhanna eagsula le déileáil leo.

5. Fionraí/Díbirt:

Fionraí:

Ceangailtear ar scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 sonrú ina gcód iompair na nósanna imeachta le leanúint sula gcuirtear mac léinn ar fionraí nó sula ndíbrítear an mac léinn as an scoil. Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh

- ***Cinéal & tromchuís an iompair***
- ***Comhthéacs an iompair***
- ***Tionchar an iompair***
- ***Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo***
- ***An freagra comhréireach é mac léinn a chur ar fionraí nó nach ea.***
  Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní.
- ***Tionchar féideartha na fionraí***

De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fionraí agus athbhreithneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag eirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa chinnteoireacht go mbeadh forais thromchúiseacha ann chun an mac léinn a chur ar fionraí m.sh

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachais na mac léinn eile.
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huaire.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

<u>Nósanna Imeachta i ndáil le fionraí láithreach</u>:

- I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir mac léinn a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne, nó daoine eile, ba choir réamh-imscrúdú a reáchtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí. I gcás fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir tuismitheoirí a chur ar an eolas, agus socraithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an mac léinn. Cuirtear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi fionraí láithreach.

<u>Tréimhse na Fionraí:</u>

- Cuirfear mac léinn ar fionraí ar feadh tréimhse 3 lá. Ní chuirfear an mac léinn ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá, ach amháin í gcúinsí eisceachtúla i.e go bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide na trí lá de dlith chun cuspóirí áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á mheas, caithfear an t-ábhar a aththreorú chuig an mBord Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na gcúinsí in iúl maille leis na torthaí measta.
- Is féidir leis an mBord Bainistíochta an Príomhoide a údarú, le cead Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionóil go tráthúil, faoi réir na treoracha a bhaineann lena leithid d'fhionraí. Beidh an tUdaras seo fáighte i scríbhinn.
- Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí.
- Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun mac léinn a chur ar fionraí, í gcas gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha.
- Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faona gcearta achomhairc a dhéanamh má bhíonn páiste ar fionraí thar 20 lá.

<u>Díbirt:</u>

- Díbrítear mac léinn ón scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh. Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an tÚdarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh í gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na Forais le h-aghaidh Díbeartha:

Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

- Bualadh le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le h-iarracht a dhéanamh dóigheanna a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú.
- A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompar, dá leanfadh sé ar aghaidh.
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
- Cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta (An t-Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An t-Seirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta.

Éilíonn moladh chun mac léinn a dhíbirt forais thromchúiseacha, m.sh

- Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachais na mac léinn eile.
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Tá na forais le haghaidh díbeartha cosúil leis na forais le haghaidh fionraí.

An difríocht is mó atá eatartha ná go bhfuil na hudaras scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir críortha acu le athrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

Dibírt do chéad chion:

Tá an tUdaras ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbírt ón scoil don chéad chion i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó baill fóirne
- Foréigean nó ionsaí iarbhir
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

cf Aguisín 3 Fionraí/Díbirt.

6. Cúntas a choinneáil:

Rang:

Beidh Foirm ABC Caighdeánach ag múinteoirí ranga i gcóir eachtraí ranga mionchúiseacha agus leanúnach. Beidh an fhoirm faoi ghlas sa seomra ranga.

Beidh sé coinnithe i bhfillteán iompair na ranga. Beidh sé ann mar thaifead ar mhí-iompar na bpáistí do chruinnithe tuismitheoirí. Nuair atá 6 eachtra cláraithe ar an leathanach seo breathnaítear air mar eachtra trom-chuiseach agus leanúnach. Beidh an Príomhoide curtha ar an eolas. Coinneofar tuismitheoirí suas chun dáta í rith na bliana maidir le ceisteanna

iompair. Is féidir eachtraí tromchúiseacha a chlárú anseo freisin ach caithfear foirm cuntas ar eachtra a líonadh freisin.

Clós Súgartha:

Má bhíonn drochiompar sa chlós cuirtear páistí ag seasamh amach ar feadh tréimhse agus cuirtear an múinteoir ranga ar an eolas faoi tar éis am sosa – nuair a bhailíonn siad an rang ón gclós. Cláraíonn an múinteoir ranga an drochiompar seo ar an bhfoirm ABC sa rang.

- Coinnítear fillteán smachta in oifig na scoile. Líontar foirm do pháiste chun iompar tromchúiseach a chlárú. Líonfaidh an breathnadóir é agus taispeánfar don mhúinteoir ranga agus Príomhoide é chun shíniú a fháil.
- Beidh na cuntas coinnithe i Rang grúpaí agus cuirfear ar aghaidh iad chuile bhliain.
- Aistreofar an leathanach go dtí an Fillteán smachta in Oifig an Phríomhoide nuair atá se líonta.
- Cuirfear tuismitheoir ar an eolas faoi eachtraí mar iad.

Taifid /Cúntas Scoile:

Coinneóidh gach múinteoir taifid ar na foirmeacha ABC maidir le mion mhí-iompar sa rang. Coinneofar taifid scoile d'iompar tromchúiseach sa bhfillteán iompar in Oifig an Phríomhoide. Sa bhfillteán seo tá leathanach caighdeánach ann ina sonraítear teagmhála le tuismitheoirí chomh maith le sonraí maidir leis an droch iompair. Coinneofar cáipéisí a bhaineann le fionraí/díbirt agus achomhairc í bhfillteán in Oifig an Phríomhoide.

7. **Nósanna imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil:**

- De réir cuid 18 den Acht Oideachais (Leas), 2000, tá dualgais reachtúil ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfreastalaíonn a bpáiste ar scoil aitheanta ón am a chláraítear sa scoil sin iad. Chomh maith leis sin tá sé de dhualgais ar thuismitheoirí de réir an acht a chur í n-iúl do Phríomhoide na scoile má tá a bpáiste as láthair & an fáth leis an ásláthracht. De réir an achta cuirfear í n-iúl don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais má tá páiste as láthair 20 lá nó níos mó. Coinníonn an múinteoir ranga na litreacha seo agus teastas dochtúra páistí í bhfillteán ina seomra ranga.
- Iarrtar ar thuismitheoirí a chur i n-iúl don mhúinteoir ranga más duine eile atá chun a bpáistí a bhailiú ar laethanta áirithe seachas iad féin.
- Tá cead scríobhfa riachtanach ó thuismitheoirí má tá ar pháiste an scoil a fhágáil ar chúis ar bith le linn am scoile. Ta leabhar le síniú san Oifig.

I measc na stráitéisí a úsáidtear chun tinreamh scoile a spreagadh bheadh siad seo a leanas:

- Ag cruinniú cinn bhliana na dtuismitheoirí agus cruinniú do thuismitheoirí nua na Naíonáin Bheaga cuireann an Príomhoide í n-iúl do thuismitheoirí ábhar an Acht Oideachais (Leas), 2000, an tábhacht atá le poncúlacht agus le tinrimh maith scoile. Cuirtear litir mheabhraithe chúig gach tuismitheoir gach Meán Fómhair agus Eanair ina rianófar tábhacht poncúlacht agus tinrimh mhaith scoile.

- Moltar go láidir do thuismitheoirí gan bheith ag tógáil páistí ar laethanta saoire le linn am scoile.
- Timpeallacht scoile spreagúil agus tharraingteach a chruthú.
- Aitheantas a thabhairt do thinreamh maith nó feabhsaithe.
- Ábhair an curaclaim agus modheolaíochtaí a oiriúnú chun an bhaint a bhíonn acu le daltaí a uasmhéadú.
- Clár ama ranga agus scoile a athrú chun é a dhéanamh níos tarraingtí freastal ar scoil agus a bheith ann in am.
- Ag deireadh an scoilbhliain, tabharfar teastas deá-thinrimh do na páistí nár chaill aon lá scoile i rith na bliana

8. <u>Tagairt do Pholasaithe eile:</u>

Tá tagairt do chúrsaí iompar & cód iompair na scoile sna polasaithe eile seo leanas:

- Plean OSPS
- Frithbhulaíocht
- Ciapadh
- Ciapadh Gnéasach
- Cláruchán
- Cuntas a choinneáil
- Cumarsáid Baile/Scoile
- Sláinte & Sábhailteacht
- Comhionannais
- Riachtanais Speisialta Oideachais

Critéir Rathúlachta:

- Iompar dearfach breathnaithe i seomraí ranga, sa chlós agus sa timpeallacht scoile.
- Cleachtais agus nósanna imeachta atá liostaithe sa pholasaí seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ag gach múinteoir.
- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí agus tuismitheoirí agus daltaí.

Ról & Freagrachtaí:

- Tá ról lárnach ag an mBord Bainistíochta le cinntiú go bhfuil an polasaí a chur i gcríoch sa scoil.
- Tá ról lárnach ag an bhfoireann sa scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo le tacaíocht ó na tuismitheoirí agus na mac léinn.
- Déanfaidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach comhordnú agus monatóireacht ar an gcód le tacaíocht ón bhfoireann.
- Beifear ag súil le tuiscint agus tacaíocht ó na daltaí agus tuismitheoirí i gcur i bhfeidhm an chóid.

Dáta don chur í bhfeidhm

Tá an chód á chur i bhfeidhm.

Clár Ama don Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú nithe áirithe/praiticiúla don pholasaí seo go rialta, ar a laghad go bhliantúil.

Daingniú & Cumarsáid:

Cuirfear cóip den pholasaí ar shuíomh idirlíne na scoile. Tá sé ar fáil i gconaí ar shuíomh na scoile agus tugtar cóip dó do thuismitheoirí nua gach bliain.

Aguisín 1:

Samplaí de Rialacha Ranga

Bunranganna;

- Beidh mé go deas le gach duine.
- Beidh mé ag éisteacht go géar nuair atá daoine/páistí eile ag caint.
- Cuirfidh mé suas mo lámh má tá ceist agam.
- Suífidh mé ar mo chathaoir go deas béasach.
- Siúlfidh mé go deas ciúin sa phasáiste/sa seomra ranga/sa líne.
- Cuirfidh mé mó mhéar ar mo bhéal nuair a iarrann an múinteoir orm é.
- Ní úsáidfidh mé an clarbán idirghníomhach gan cead an mhúinteora.

Meanranganna:

- Ní thabharfaidh mé bréagáin Pearsanta/gameboys ar scoil.
- Níl bheidh fón póca agam ar scoil, má tá gá práinneach le ceann fágfaidh mé é i nOifig Chaitlín le linn am scoile.
- Beidh mé ag labhairt Gaeilge i gconaí.
- Déanfaidh mé m'obair féin i gconaí agus déanfaidh mé mo dhícheall leis.
- Coinneoidh mé mó bhord, seomra ranga agus timpeallacht scoile glan agus néata.
- Beidh meas agam orm féin, meas ar dhaoine eile agus meas ar mhaoin.

Na hArdranganna:

- Ní chaithfidh mé smidiú ar scoil.
- Cloífidh mé leis na héadaí scoile.
- Ní bheidh eascaine ar mo bhéal agam.
- Déanfaidh mé cinnte go bhfuil múinteoir i láthair agus mé ar an idirlíon.

Aguisín 2:

Samplaí de mhí-iompar:

Samplaí de mhion mhí-iompar:

- Ag bogadh áit tar éis bualadh an chloigín sa chlós * ag cur isteach ar obair ranga *ag imeacht as an líne *Ag fágáil suíochán gan cead *ag fágáil bia/deochanna i mboscaí bruscar na ranga *ag caitheamh brúscar timpeall na scoile *gan bheith ag caitheamh an culaith ceart scoile * droch bhéasach *drochmheasúil *gan obair bhaile bheith déanta * ag ithe guma coganta * ag dreapadóireacht ar shuíomh na scoile *a bheith sa seomra gan cead ag am lón/ar maidin *gan bheith ag déanamh iarracht.

Samplaí de mhí-iompar tromchúiseach:

- Siar cur isteach ar an rang *ag siar inseacht bréaga *ag goid *ag déanamh damáiste de threallamh/de mhaoin daltaí, scoile agus timpeallachta *ag ais fhreagairt an mhúinteora *ag teacht isteach i gclós na scoile tar éis amanta scoile gan cead * ag fágáil timpeallacht na scoile i rith lá scoile gan cead *ag usáid droch theanga *ag gortú páiste eile d'aon ghnó *ag usáid fón póca sa scoil gan cead *ag siar béarlóireacht *ag úsaid an idirlíon gan cead *drochbhéasach/drochmheasúil *diúltiú treoracha múinteora a leanacht.

Samplaí de mhí-iompar tútach uafásach:

- Ag cur foirgnimh nó troscán scoile tré thine * ag fágáil sconnaí ar siúl *iompar ionsaitheach *bagairt ar dhuine *iompar foréigneach i n-aghaidh múinteoirí nó páiste *alcól, drugaí nó tabac a bheith ar a seilbh acu nó a usáid i dtimpeallacht na scoile no ag imeacht scoile *ag tabhairt uirlísí contuirteach ar scoil * ag leanacht le bulaíocht in ainneoin idirghabhála *siar droch bhéasa agus droch mheas.

Aguisín 3

Fionraí/Díbirt:

Fionraí:

Ceangailtear ar scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 sonrú ina gcód iompair na nósanna imeachta le leanúint sula gcuirtear mac léinn ar fionraí nó sula ndíbrítear an mac léinn as an scoil. Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh

- ***Cinéal & tromchuís an iompair***
- ***Comhthéacs an iompair***
- ***Tionchar an iompair***
- ***Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo***
- ***An freagra comhréireach é mac léinn a chur ar fionraí nó nach ea.***
  Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní.
- ***Tionchar féideartha na fionraí***

De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fionraí agus athbhreithneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag eirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa chinnteoireacht go mbeadh forais thromchúiseacha ann chun an mac léinn a chur ar fionraí m.sh

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachais na mac léinn eile.
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil í láthair na huaire.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Feadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.

Ba chóir d'fhionraí bheith mar chuid de plean chun dul i ngleic le iompar an mhic léinn.

Ba chóir don fhionraí:

- Cuidiú leis an scoil spriocanna iompair a chur ar bun leis an mac léinn agus lena thuismitheoirí.
- Deis a thabhairt d'fhoireann na scoile idirghabháil eile a phleanáil.
- Tromchúis an iompair a chuir ina luí ar an mac léinn agus ar a t(h)uismitheoirí.

Nósanna imeachta i ndáil le Fionraí:

- Eilítear ar scoileanna de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra nuair atá sé beartaithe acu mac léinn a chur ar Fionraí m.sh an ceart go n-éistfí leat, an ceart go mbeifí neamh chlaonta i do leith, imscrúdú le déanamh ar mhí-iompar líomhnaithe a bhféadfadh fionraí nó díbirt eascairt as, an próiseas cinnteoireachta maidir le: (a) cibé acu an raibh an mac léinn i mbun mí-iompair nó nach raibh & (b) an smachtbanna le gearradh a leanacht.

Cinéalacha Fionraí:

Fionraí láithreach: I gcuinsí eisceachtúla féadfaidh an Príomhoide a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach i gcás ina léireofaí go mbeidh láithreacht leantach an mhic léinn ag an am sin mar fhíorbhagairt do shábhailteacht na mac léinn nó fóirne na scoile, nó do dhuine ar bith eile.

Uath Fhionraí: Is féidir leis an mBord Bainistíochta a chinneadh, i ndiadh próisis chomhairliúcháin leis an bPríomhoide, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le mic léinn gur chóir go mbeadh fionraí ag gabháil le iompar ainmnithe áirithe mar smachtbhanna.

Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a b'fhéadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, leanfaí an scoil na nósanna imeachta seo a leanas:

- An macléinn agus a thuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán.
- An deis a thabhairt do thuismitheoirí agus do mhic léinn freagra a thabhairt.

Nósanna Imeachta i ndáil le fionraí láithreach:

- I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir mac léinn a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an mhic léinn, na foirne, nó daoine eile, ba choir réamh-imscrúdú a reáchtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí. I gcas fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir tuismitheoirí a chur ar an eolas, agus socraithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an mac léinn. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi an fionraí láithreach.

Tréimhse na Fionraí:

- Cuirfear mac léinn ar fionraí ar feadh tréimhse 3 lá. Ní chuirfear an mac léinn ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá, ach amháin í gcúinsí eisceachtúla i.e bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide na trí lá de dlith chun cuspóirí áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á mheas, caithfear an t-ábhar a atreorú chuig an mBord Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na gcúinsí in iúl maille leis na torthaí measta.
- Is féidir leis an mBord Bainistíochta an Príomhoide a údarú, le cead Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá í gcás nach féidir cruinniú Boird a thionóil go tráthúil, faoi réir na treoracha a bhaineann lena leithid d'fhionraí. Beidh an t-udarás seo fáighte i scríbhinn.
- Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí.
- Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun mac léinn a chur ar fionraí, í gcas gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha.
- Cuirfear tuistí ar an eolas faona gcearta achomhairc a dhéanamh má bhíonn páiste ar fionraí thar 20 lá.

<u>An Fhionraí a chur i ngníomh</u>:

- Tugann an Príomhoide fógra í scríbhinn do na tuismitheoirí agus don mhac léinn maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí. Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbhú:

→ Tréimhse na fionraí, na dátaí ar an dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí.
→ Fathanna na fionraí
→ Clár staidéir ar bith le leanúint
→ Socraithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt (m.sh d'fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí ath dhearbhú a dhéanamh ar an dtiomantas don chód iompar).
→ Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin.
→ Ceart achomhairc d'Ard Rúnaí na Roinne Oideachais & Eolaíochta (An tAcht Oideachais 1998, Alt 29) tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin.
→ Tabharfar geallúint go dtosófar glan as an nua nuair a athghlactar le páiste tar éis fionraí. Cuirfear béim mhóir ar cheachtanna OSPS le linn an tréimhse athghlacaithe.

→ **<u>Achomhairc</u>** <u>(tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin).</u>

- I gcás cinntí a dhéanann an Bord Bainistíochta mac leinn a chur ar fionraí féadfaidh an Pátrún próiseas achomhairc a sholáthar.
- Insint do thuismitheoirí sa bhfógra í scríbhinn faona gceart achomhairc a dhéanamh tar éis 20 lá fionraí i scoil bhliain amháin

<u>Taifid & tuairiscí:</u>

Ba chóir taifid fhoirmiúla/scríofa a choinneáil ar:

- An imscrúdú (& nótaí ar gach agallamh)
- An bpróiseas cinnteoireachta.
- An gcinneadh agus réasúnaíocht an chinnidh.
- Fhad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis an bhfionraí.

Ba chóir don Phríomhoide tuairisc a thabhairt ar gach fionraí don Bhord Bainistíochta.
Tá sé dé cheangal ar an bPríomhoide fionraithe ar thuairisciú de réir threoirlínte tuairiscithe an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Alt 21(4) (a).

<u>Athbhreithniú ar úsáid fionraí</u>:

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid fionraí sa scoil ar bhun rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid í gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin a scrúdú chun gnéithe a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Díbirt:

- Díbrítear mac léinn ón scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh. Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an tÚdarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh í gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na Forais le h-aghaidh Díbeartha:

Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

- Bualadh le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le h-iarracht a dhéanamh dóigheanna a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú.
- A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompar, dá leanfadh sé ar aghaidh.
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
- Cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta (An t-Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An t-Seirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta).

Éilíonn moladh chun mac léinn a dhíbirt forais thromchúiseacha, m.sh

- Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an mhic léinn ar oideachais na mac léinn eile.
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Tá na forais le haghaidh díbeartha cosúil leis na forais le haghaidh fionraí.

An difríocht is mó atá eatartha ná go bhfuil na hudaras scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le athrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

Dibírt do chéad chion:

Tá an tUdaras ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbírt ón scoil don chéad chion i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó baill fóirne
- Foreigéan nó ionsaí iarbhir
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

Cinneadh a dhéanamh cé chomh hoiriúnach is atá sé mac léinn a dhíbirt:

Ar na toscaí le breithniú orthu sula mbeartaítear mac léinn a dhíbirt bheadh:

- Cineál & tromchúis an iompar
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An freagra comhréireach an díbirt
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an díbirt.

Nósanna Imeachta i ndáil le díbirt:

- I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí go bhfeadfaí mac léinn a dhíbirt de bharr a n-iompair d'aireodh na céimeanna gnásúla mar iad seo a leanas:
  1. Imscrúdú sonrach faoi stiúir an Phríomhoide
  2. Moladh ón bPríomhoide chuig an Bord Bainistíochta.
  3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reachtáil.
  4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta & bearta i ndiaidh na h-éisteachta.
  5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.
  6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt.

Céim 1 - Imscrúdú sonrach arna sheoladh faoi Stiúir an Príomhoide;

Déantar imscrúdú ar an gcás faoi threoir an Phríomhoide. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas i scríbhinn go bhfuil imscrúdú mar gheall ar an mí-iompar líomhnaithe á dhéanamh.

Ba chóir deis a thabhairt do na tuismitheoirí agus an páiste freagairt don ghearán i gcruinniú leis an bPríomhoide agus an múinteoir sula nglacfar cinneadh maidir le firínne na líomhna agus sula ngearrtar smachtbhanna.

Má theipeann ar mhac léinn agus a dtuismitheoirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceideolaithe agus má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgais ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompair diúltach. Ba chóir taifead a choinneáil do gach comhfhreagras.

Céim 2 - Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta:

Má cheapann an Príomhoide go bhfuil díbirt tuillte tar éis imscrúdú chuimsitheach a dhéanamh, cuirfidh an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.

Leanfaí an Príomhoide na céimeanna seo:

- A chur in iúl do na tuismitheoirí agus don mhac léinn go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.
- A chinntiú go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí ar na líomhaintí in aghaidh an mhic léinn, ar an imscrúdú, agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.
- Na taifid chuimsitheacha cheanna a sholáthar don Bhord Bainistíochta a tugadh do na tuismitheoirí.

- Na tuismitheoirí a chuir ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheidh á reáchtáil ag an mBord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin.
- Comhairle a chur ar na tuismitheoirí gur féidir leo aighneachtaí scríofa nó ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.
- A chinntiú gur tugadh dóthain fógra do na tuismitheoirí ionas go bhfeadfaidís ullmhú don éisteacht.

Céim 3 – Breithniú an Bhord Bainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reáchtáil:

Tá sé de dhualgais ar an mBord Bainistíochta a n-athbhreithniú féin a dhéanamh ar na doiciméidí go léir agus ar chúinsí uile an cháis. Tar éis an athbhreithniú a bheith déanta ag an mBord Bainistíochta agus má chinneann siad ar dhíbirt ní foláir dóibh éisteacht a reáchtáil. Ag an éisteacht seo cuirfidh an Príomhoide agus na tuismitheoirí a gcás os comhair an Bhord í láthair a chéile. Tar éis don Bhord an dá thaobh don scéal a chloisteáil ba chóir dó a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide nó na tuismitheoirí i láthair i rith breithniúcháin an Bhoird.

Céim 4 – Breithniúcháin an Bhord Bhainistíochta agus bearta a ndiaidh na héisteachta.

Tar éis na héisteachta, caithfidh an Bhoird cinneadh a dhéanamh, ar chóir an páiste a dhíbirt nó nach cóir.

Ba chóir don Bhoird a chur i n-iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faona gcinne agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.

Ba chóir go ndéarfaí leis na tuismitheoirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachas. Ní féidir an mac léinn a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá a bhfaigheann an Oifigeach Leasa Oideachas an fógra i scríbhinn.

Céim 5 – Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachas:

Laistigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachas fógra ón Bhord

Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe acu mac léinn a dhíbirt, ní foláir don OLO.

- Cruinnithe aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, na tuismitheoirí agus an páiste agus le h-aon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt.
- Cruinniú a thionóil leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair.
- I gcás nach bhfuil se de rogha leanúint ar aghaidh sa scoil, ba chóir don Oifigeach Leasa Oideachas scoil nua a aimsiú don pháiste.

Céim 6 – Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt:

Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachas fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur choir an mac léinn a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an mac léinn a dhíbirt. Ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt.

Ba chóir insint do thuismitheoirí agus do mhic léinn faoin gceart atá acu chun achomhairc agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh mac léinn a dhíbirt.

Achomhairc:

Is féidir le tuismitheoir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard – Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna. Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachas ar son mic léinn.

Athbhreithniú ar úsáid díbeartha:

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile.

Ghlac an Phríomhoide Feidhmeannach agus baill den Bhord Bainistíochta an polasaí seo ar an Mháirt, an 25ú Eanáir, 2022.

Cathaoirleach an Bhóird Bainistíochta: 

Príomhoide: 

Dáta Athbhreithnithe: Eanáir 2025